



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Comhairliúchán Poiblí maidir le Ráiteas Straitéise 2021-2025 na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

(Ráiteas Príobháideachais)

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an Roinn Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce, pleanáil fhisiceach agus spásúil, d'údarás áitiúil, d'oidhrecht agus do réamhaisnéisiú aimsire.

Tá an Roinn tiomanta do do phríobháideachas a chosaint agus a urramú. Mínítear sa ráiteas príobháideachais seo conas a phróiseálfaidh an Roinn, mar Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta atá le fáil in aighneachtaí faighte i ndáil leis an gcomhairliúchán poiblí maidir le Ráiteas Straitéise 2021-2025; conas a úsáidfear an fhaisnéis sin, agus na cearta is féidir leat a fheidhmiú i ndáil le do shonraí pearsanta.

Cén fáth a bhfuil do shonraí á bpróiseáil againn?

Úsáidfídh an Roinn na haighneachtaí a fhaightear mar chuid den phróiseas comhairliúcháin seo chun ábhar agus treo Ráiteas Straitéise 2021-2025 na Roinne a mhúnlú. Má luann tú d'ainm agus sonraí teagmhála san aighneacht, coimeádfar na sonraí seo ar fhaitíos go mbíonn orainn teagmháil a dhéanamh leat maidir le d'aighneacht. Chomh maith leis sin, foilseoidh an Roinn d'aighneacht ar a suíomh gréasáin agus sonrófar d'ainm mar údar na haighneachta. Bainfear na sonraí teagmhála ar fad den aighneacht. Mura mian leat d'ainm a chur san áireamh, inis dúinn agus bainfimid an fhaisnéis seo den aighneacht sular bhfoilsítear í. Ní phróiseálfaidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta chun aon chríche eile

Próifíliú

Ní úsáidfídh an Roinn aon sonraí pearsanta bailithe uait i ndáil le Ráiteas Straitéise 2021-2025 chun críche cinnteoireacht uathobrithe, nó críocha próifílithe.

Dlíthiúlacht na próiseála

Tá an phróiseáil seo ar do chuid sonraí pearsanta dlíthiúil faoi Airteagal 6 (1) (e) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ina bhforáiltear go bhfuil próiseáil riachtanach chun tasc atá á chur i gcrích ar son leas an phoiblí nó chun údarás oifigiúil atá dílsithe sa rialaitheoir a fheidhmiú, sa chás seo An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ina cáil mar an comhlacht atá freagrach as Ráiteas Straitéise a chur i dtoll a chéile faoi Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997.

Slándáil do shonraí pearsanta

Tá bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí á gcur i bhfeidhm ag an Roinn chun d'fhaisnéis a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe. D'ainneoin na n-iarrachtaí seo, áfach, níl aon bhearta

slándála foirfe nó dothreáite, agus ní féidir ráthaíocht a thabhairt i gcoinne aon idircheapadh nó aon chineál eile mí-úsáide chomh fada is a bhaineann le haon mhodh tarchurtha sonraí. Sa chás go gcuirtear do shonraí pearsanta i gcontúirt mar thoradh ar shárú slándála, cuirfear beartas agus nósanna imeachta Bainistíochta Sáruithe na Roinne i bhfeidhm.

Faightheoirí na Sonraí

D'fhéadfaí faisnéis pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais eile, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó comhlachtaí poiblí eile freisin, in imthosca áirithe ina ndéantar foráil dó seo de réir dlí.

Aistrithe Sonraí Trasteorann

Ní aistreoidh an Roinn sonraí pearsanta a bhailítear i ndáil le Ráiteas Straitéise 2021-2025 chuig aon tír nó eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den AE/LEE.

Cén fhad a choinneofar do chuid sonraí?

Ní choinneoidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na gcríoch lenar bailíodh agus lenar próiseáladh na sonraí. De réir ceanglas reachtúil agus gnó, beidh an tréimhse coinneála sonraí le haghaidh do chuid sonraí, as chás seo, cothrom le hocht mbliana.

Do chearta

Tá [Beartas Cosanta Sonraí](#) na Roinne, ina leagtar amach conas a úsáidfimid do chuid sonraí pearsanta, mar aon le faisnéis a chur ar fáil maidir le do chearta mar ábhar sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir le ceart rochtana, an ceart go ndéanfaí ceartúcháin, an ceart go ndéanfaí léirsciosadh, an ceart chun srianadh ar phróiseáil, an ceart chun agóid a dhéanamh), le fáil ar ár suíomh gréasáin. Tá cóip chrua den bheartas ar fáil freisin ach é iarraidh.

Má shíleann tú go ndearnadh do chearta a shárú, tá an ceart agat gearán a dhéanamh le Coimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann (www.dataprotection.ie), agus tá an ceart agat leigheas breithiúnach a lorg.

Sonraí Teagmhála

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait, nó más mian leat do shonraí pearsanta a rochtain, déan teagmháil le hOifigeach um Chosaint Sonraí na Roinne, seo a leanas na sonraí teagmhála:

An tOifigeach um Chosaint Sonraí,
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Bóthar an Bhaile Nua,
Loch Garman

Ríomhphost: data.protection@housing.gov.ie